# SEACHTAIN **RÉTHAISTIL** na hEorpa

16-22 MEÁN FÓMHAIR 2024

## Téama na bliana: Spás Poiblí Comhroinnte

Agus breis is 70% de mhuintir na hEorpa ina gcónaí i gceantair uirbeacha, tá ganntanas spásanna poiblí anois ann in an-chuid cathracha. Dá mhéid spáis a bhíonn san áit do na daoine, do na modhanna iompair agus do na gníomhaíochtaí ar fad, is ea is mó a bheidh comhionannas sóisialta agus sábháilteacht ar na bóithre ann, is ea is lú a bheidh torann agus truailliú aeir ann agus is ea is fearr a bheidh caighdeán na beatha ann. Dá bhrí sin, is iomaí tairbhe atá le baint ag an tsochaí as comhroinnt an spáis phoiblí.

Úsáideoirí soghonta bóthair iad 70% díobh siúd a mharaítear ar na bóithre i gceantair uirbeacha, mar sin tá é rí-thábhachtach tosaíocht a thabhairt don ghrúpa seo nuair a bheidh spás poiblí á leithroinnt. D'fhonn daoine a spreagadh chun siúl agus rothaíocht a dhéanamh níos minice, ba cheart go mbeadh tuilleadh infreastruchtúir tiomnaithe den scoth ann, mar aon le rialacha tráchta a thabharfaidh tosaíocht do choisithe agus rothaithe.

Tá na hionstraimí ag údaráis áitiúla a d'fhéadfadh athruithe beartais agus infreastruchtúir a chur i bhfeidhm a thacódh le haistriú buan i dtreo réthastil inbhuanaithe. Sa deireadh thiar, is iad na roghanna a dhéanaimid féin a chuireann cuma ar na cathracha ina mairimid.

**Oibrímis le chéile chun Spás Poiblí Comhroinnte a fheabhsú!**

## Spás comhroinnte poiblí & aidhmeanna SHEACHTAIN **RÉTHAISTIL** na hEORPA:

- Feabhas a chur ar chaighdeán na beatha uirbí agus infreastruchtúr duine-láraithe a chur chun cinn
- Comhlánú a chur le tionscnaimh AE eile, ar nós REPowerEU agus Comhaontú Glas don Eoraip
- Éascú le modhanna níos glaine iompair a úsáid, agus athrú iompraíochta a chur chun cinn trí infreastruchtúr, líonraí, coinníollacha agus cinn scríbe a chur ar fáil a bheidh oiriúnach don tsoghluaiseacht gníomhach agus don iompar poiblí

### 1. Taithí eile a bhaint as an spás poiblí

Is do chách an spás poiblí! Agus is ceart go mbeadh sé ar fáil do chách chun úsáid a bhaint as go sábháilte sultmhar. Ba chóir go mbeadh deis ag daoine gluaiseacht go héasca sa spás seo agus caidreamh sóisialta a chothú dá bharr.

**Tabhair infheictheacht don tsoghluaisteacht ghníomhach:** Cuir malairtí ar úinéireacht carranna chun cinn agus cuir oideachas ar dhaoine maidir le roghanna iompair a d'fhéadfaí a úsáid chun na spriocanna céanna a bhaint amach, m.sh. comhroinnt sócmhainní (rothair, carranna, scútair leictreacha, srl.), rothair lasta, iompar poiblí agus, ach go háirithe, siúl. Bíonn modhanna inmharthana agus an prionsabal 'bain úsáid as - ná bíodh sé i do sheilbh' ina gcabhair chun an brú ar na bóithre a laghdú, mar aon le spleáchas ar ghluaisteáin, agus an spás a bhíonn de dhíth chun gach cineál iompair phearsanta a pháirceáil. Is féidir chomh maith pleananna dinimiciúla bainistiochta cholbha an chosáin a chur i bhfeidhm ar mhaithe le leas a bhaint go héifeachtúil as an spás, gur féidir é a úsáid chun feidhmeanna éagsúla.

**Treoraigh leis an dea-shampla:** Is ceart d'fhoireann na n-údarás áitiúil, oifigigh rialtais, agus conraitheoirí cathrach leas a bhaint as dreasachtaí lena spreagtar roghanna iompair inmharthana, gníomhacha. Ligeann sé seo dóibh treorú leis an dea-shampla, taithí a chur ar bheartas iompair inmharthana faoi lán seoil, agus feasacht a ardú maidir leis an ngá le hinfreastruchtúr tiomnaithe den scoth. Is ceart go bhfaigheadh cabhlaigh cathrach agus iompar poiblí maoine leordhóthanach chomh maith chun uasghrádú chuig feithiclí níos glaine agus níos éifeachtúla.

**Cosain, urramaigh:** Is ceart go ndíreofaí aire le feachtais, pleanáil spáis agus rialacháin ar an urraim dóibh siúd is soghonta - leithéidí leanaí, coisithe, daoine a bhfuil soghluaisteacht laghdaithe acu, agus úsáideoirí iompair ghníomhaigh.

**Cuir cuma ar an spás poiblí bunaithe ar thosaíochtaí don am amach anseo:** Tá an spás poiblí ann i gcathracha agus bailte móra leis na cianta. Féadann sé éabhlóidiú chun tosaíocht a thabhairt do shoghluaisteacht níos inbhuanaithe agus ionchuimsithí, an siúl agus an rothaíocht ach go háirithe.

Tuilleadh ar **www.mobilityweek.eu**

# SEACHTAIN **RÉTHAISTIL** na hEorpa
16-22 MEÁN FÓMHAIR 2024

**Ceart slí:** Ní ceart go mbeadh cearta na ndaoine ar fad intráchta, agus áirítear orthu sin úsáideoirí an iompair ghníomhaigh, iad siúd atá faoi mhíchumas, agus grúpaí soghonta i gcoitinne. Ba cheart go gcomhroinnfí an spás go féaráilte agus ba cheart, ach go háirithe go mbeadh urraim ag daoine nach coisithe iad ar choisithe agus ar dhaoine a bhfuil soghluaisteacht laghdaithe acu.

## 2. An spás uirbeach a athfhorbairt le chéile

Nuair a bhíonn an spás uirbeach á athfhorbairt, is gá go mbeadh an pobal áitiúil gafa leis, agus ba cheart machnamh ar na húsáideoirí agus na modhanna iompair dhifriúla. Beidh sé seo ina chabhair chun spás a leithroinnt i líonraí iompair a bheidh oiriúnach don chomhthéacs áitiúil, agus chun go mairfidh na modhanna go léir taobh le chéile.

**Comhchruthú:** Is éard is comhchruthú ann ná an pobal, na páirtithe leasmhara, agus an pobal mór a thabhairt isteach sa phróiseas chun oibriú as láimh a chéile. Go hidéalach, bíonn sé seo ar siúl ón tús ar fad. Má dhéantar comhrá leis na comharsana maidir le comhthéacs agus mianta an phobail áitiúil spreagann sé sin an rannpháirtíocht. Bíonn sé seo ina chabhair chomh maith le raon a bhailiú de thuairimí, smaointe, agus leideanna faoi na baic fhéideartha le sárú, agus go hiondúil, méadaíonn sé an seans go mbeidh glacadh ann.

**'Tríú Áiteanna' a athbhunú:** Tugtar deiseanna i dtríú áiteanna do dhaoine casadh ar a chéile go compordach ar chostas íseal, lasmuigh den bhaile agus den thimpeallacht oibre, leithéidí páirceanna, lárionaid pobail, pubanna agus caiféanna. Tá áiteanna dá leithéid fiú níos tábhachtaí sa réimse poiblí ar mhaithe le caighdeán na beatha agus folláine intinne**.**

## 3. Sráideanna scoile: Spás sábháilte a chruthú don taisteal gníomhach

Ní hamháin go bhfuil tábhacht ag baint le sráideanna sábháilte scoile a chruthú ar mhaithe le sábháilteacht na bpáistí - bíonn na tionscnaimh seo ina dtaca le trasdul thar na glúine chuig soghluaisteacht ghníomhach níos sábháilte.

**Cuir trácht áitiúil ar mhalairt slí amach ó na scoileanna:** Cruthaigh tionscnamh idir an bardas agus na ceantair áitiúla scoile chun tacú le rochtain do choisithe, rothaithe, agus iompar poiblí. Ba cheart cur in aghaidh trácht trom mótair in aice le scoileanna.

**Comhroinn samplaí den dea-chleachtas:** Tá an-chuid dea-shamplaí suntasacha ann chun cabhrú le sráideanna sábháilte scoile a chruthú, ar nós comharthaí bóthair an leibhéil náisiúnta, agus dóthain páirceála agus rochtana a chur ar fáil don iompar gníomhach. D'fhéadfaí iad seo a mhacasamhlú ar an leibhéal áitiúil.

**Cuir oideachas ar thuismitheoirí agus ar sholáthraithe cúraim leanaí:** Is minic a bhíonn bailiúcháin agus fágálacha scoile ina gcúis le fadhbanna tráchta a bhuanú, ach go bhféadfaí iad a réiteach trí labhairt le tuismitheoirí. Féadtar spásanna sábháilte a chruthú do pháistí trí zóin a bhfuil saor ó charranna nó beartais eile spriocdhírithe a thabhairt isteach.

**Múin an chéad ghlúin eile:** Is den tábhacht é foghlaim i dtaobh na sábháilteachta ar na bóithre, agus go mbeadh grúpaí scoláirí agus tuismitheoirí le chéile ag baint sult as bheith ag siúl agus ag rothaíocht chuig an scoil, agus bealaí sábháilte in úsáid acu.

## 4. Sráideanna níos sábháilte a phleanáil agus a dhearadh

Bíonn machnamh ar na cónaitheoirí agus na modhanna iompair go léir ina chuid de phleanáil agus dearadh sráideanna sábháilte.
Ba cheart (ath)oideachas a chur ar phleanálaithe uirbeacha chun leithroinnt an spáis bhóthair a chothromú agus chun úsáideoirí soghonta bóthair a chosaint. Ba cheart d'eagraíochtaí cuimhneamh air seo chomh maith nuair a bhítear ag ullmhú pleananna bainistíochta soghluaisteachta.

**Cinntigh go mbíonn rochtain ann do na húsáideoirí ar fad:** Nuair a bheifear ag dearadh sráideanna, crosbhealaí, agus mol ilmhódach, cinntigh go mbíonn rochtain ag na húsáideoirí ar fad, ar a n-áirítear teaghlaigh de gach aois, agus daoine faoi mhíchumas. Áirítear air seo ceisteanna ar nós leithead an spáis, foisceacht, agus luas an tráchta, mar aon le heilimintí fisiceacha den iompar poiblí (m.sh. ardaitheoirí, leibhéal na n-ardán, rochtain ag feithiclí, srl.).

**Beartas uasghrádaithe sábháilteachta ar na bóithre:** Breathnaigh ar thíortha a bhfuil straitéisí rathúla náisiúnta acu chun úsáideoirí soghonta a chosaint agus tacaigh le hiompar comhchoiteann gníomhach. Cuir coincheapa ábhartha i bhfeidhm go háitiúil, áit is féidir.

**Forghníomhaigh rialacha páirceála:** Ní mór rialacha tráchta a chothabháil chun oiriúint don chomhthéacs, agus ní mór acmhainní cuí a leithroinnt ar mhaithe le forghníomhú rialachán páirceála. Áirítear le seo spás páirceála do charranna, agus páirceáil shábháilte do scútair leictreacha agus rothair - chun gluaiseacht shábháilte ann do chách a chinntiú.

**Leithroinnt chothrom spáis bóthair:** Seachain infreastruchtúr lena mbactar nó lena mbaintear spás ón iompar gníomhach chun freastal ar mhodhanna eile. Áirítear le seo comharthaíocht, soilsiú, páirceáil, agus stáisiúin luchtaithe.

**Tacú ag leibhéal na comharsanachta:** Laghdaigh luasanna go 30km/u. Cruthaigh bealaí sábháilte rothaíochta a bheidh cosanta go fisiceach ó mhótarfheithiclí. Méadaigh cumas agus uaire oibriúcháin an iompair phoiblí. Bailigh aiseolas an phobail. Déan teagmháil le heagraíochtaí áitiúla chun pleananna bainistíochta soghluaisteachta a fhorbairt.